C/2026/5297

12.10.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a bheidh faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2272 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2271 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

(C/2026/5297)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2272 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2271 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tar éis do Chomhairle an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí ainmnithe, chinn sí gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a ndéantar trácht orthu sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh i gcónaí ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 agus i Rialachán (AE) 2019/1716.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2271, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 31 Bealtaine 2027,** ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an athbhreithnithe thréimhsiúil a dhéanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2019/1720, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2272, agus Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1716, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2271, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú mír agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 262, 15.10.2019, lch. 58.
([2]) IO L, 2026/2272, 12.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2272/oj.
([3]) IO L 262, 15.10.2019, lch. 1.
([4]) IO L, 2026/2271, 12.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2271/oj.